An rud is tábhachtaí a thugamar faoi ndeara agus na tionscnaimh á gcur i láthair againn ná go gcaithfidh éagsúlacht a bheith iontu, agus go gcaithfidh gach páiste aireachtáil go dtabharfar aitheantas dá (h)iarrachtaí pearsanta féin.

Ní neart go cur le chéile

Cur chuige comhaontaithe i dtaobh labhairt na Gaeilge

Gaelscoil i gContae Bhaile Cliath is ea Scoil Chrónáin, a bunaíodh i 1975. Tá príomhoide, ochtar múinteoirí ranga, múinteoir acmhainne, múinteoir tacaíocht foghlama agus triúr Cúntóirí Riachtanais Speisialta ag obair sa scoil. Is é ceann dár bpríomhaidhmeanna ná an Ghaeilge labhartha a chur chun cinn ar fud na scoile. Dar ndóigh tá sé i bhfad níos easca é sin a rá ná chur i gcrích. Táim chun cur síos a dhéanamh anseo ar dhá thionscnamh faoinar thugamar le déanaí ina raibh labhairt na Gaeilge mar thosaíocht againn.

Cur chuige sa scoil uile: páistí i ranganna éagsúla ag obair lena chéile

Thug an fhoireann iomlán faoin gcéad tionscnamh le chéile. Roinneadh na páistí ar fad ó rang a haon go rang a sé i gceithre ghrúpa, sa tslí chéanna ina bhfuil na tithe éagsúla roinnte sna leabhair *Harry Potter*. Bhí suaitheantas ag gach páiste a léirigh cén fhoireann ina raibh sé/sí. Agus é sin eagraithe, bhímis á ngríosú chun an Ghaeilge a labhairt agus ag déanamh monatóireachta ar conas a bhí ag éirí leo.

An chaint a éascú: an teanga a mhúineadh do na páistí roimh ré

Ba é ceann dár bpríomhthosaíochtaí ná na páistí a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid sa chlós. Mhúineamar rannta do na páistí agus d'úsáid siad iad nuair a bhíodar ag scipeáil agus ag súgradh. Tá creatlach i gcomhair cluichí éagsúla leagtha amach le péint ar an talamh sa chlós agus mhúineamar do na páistí conas na cluichí sin a imirt as Gaeilge freisin. Mar sin bhí stór mór focal agus frásaí Gaeilge ag na páistí chun úsáid go nádúrtha lena gcairde agus iad ag súgradh.

Ag obair i gcomhar: an córas monatóireachta

Bhí an tionscnamh seo ag brath ar chomhoibriú, agus ba dheas a fheiceáil mar a d'oibrigh gach duine le chéile: an múinteoir a bhí i bhfeighil ar an tionscadal, na múinteoirí ranga agus na páistí féin.

Choimeád gach múinteoir ranga cuntas ar conas a bhí ag éirí leis na foirne éagsúla ó thaobh labhairt na Gaeilge de ina rang féin. Coimeádadh ceithre phróca ar bhord an mhúinteora, ceann do gach foireann, agus d'úsáideamar píosaí pasta mar chóras chun na pointí a chomhaireamh. Bhuaigh na páistí 'pointí' dá bhfoirne nuair a cloiseadh iad ag ag labhairt Gaeilge go neamhfhoirmiúil eatarthu féin nó nuair a d'úsáid siad nathanna cainte nó struchtúir a bhí foghlamtha acu sna ceachtanna Gaeilge le déanaí.

Amuigh sa chlós chabhraigh páistí na n-ardranganna leis na múinteoirí agus na Cúntóirí Riachtanais Speisialta cuntas a choimeád ar labhairt na Gaeilge. Bhí leabhair nótaí acu go léir agus nuair a chualadar páistí ag labhairt Gaeilge agus iad ag súgradh scríobh siad síos ainm an pháiste, na foirne agus an ranga.

Bhí freagracht ar mhúinteoir faoi leith na pointí sin ar fad a ríomh gach Aoine. Bhí uirthi féachaint ar na leabhair nótaí, agus dul isteach sna ranganna freisin féachaint ar an líon pointí a bhí ag gach foireann sna prócaí.

Roghnaíodh foireann buacach gach seachtain agus crochadh graf sa halla le dul chun cinn na bhfoirne a léiriú, mar aon le grianghraif na bhfoirne. Ag deireadh na míosa d'eagraíomar tionól speisialta agus bronnadh duaiseanna ar na páistí ón bhfoireann a raibh an líon is mó pointí acu.

Plé agus pleanáil, athbhreithniú agus athrú

Leanamar ar aghaidh leis an tionscnamh seo ar feadh tréimhse fada agus bhí ag éirí go maith leis. Ach, ag druidim i dtreo dheireadh na scoilbhliana phléigh an fhoireann dul chun cinn na bpáistí sa Ghaeilge labhartha agus bheartaíomar ar triail a bhaint as slí nua chun iad a spreagadh chun cainte.

Anois, in ionad na paistí ar fad ó rang a haon go rang a sé a roinnt i gceithre fhoireann, bíonn comórtas inmheánach ar siúl i ngach rang. Bíonn an múinteoir fós ag faire amach do na páistí atá ag déanamh iarracht mhór Gaeilge a labhairt lena gcairde agus a bhíonn ar a ndícheall frásaí nua agus focail nua Ghaeilge atá foghlamtha acu a úsáid. Bíonn na múinteoirí agus na Cúntóirí Riachtanais Speisialta ar an gclós fós ag éisteacht go géar leis na páistí, agus nuair a chloiseann siad páistí ag déanamh sáriarrachta deir siad é seo leis an múinteoir ranga.

Tráthnóna Aoine téann an múinteoir i bhfeighil ar an tionscnamh timpeall ar gach rang. Bíonn pictiúir nó grianghraf mór aici, ceann éagsúil gach seachtain, agus gan a fhios ag na

páistí roimh ré cad a bheidh ann. Roghnaíonn an múinteoir ranga an bheirt bhuachaillí agus an bheirt cailíní a rinne an iarracht is mó ó thaobh labhairt na Gaeilge de an tseachtain sin—taobh istigh agus taobh amuigh. Ag brath ar cén rang atá i gceist bíonn idir nóiméad go leith agus trí nóiméad ag na páistí sin labhairt faoin bpictiúr nó faoin ngrianghraf. Is féidir leo labhairt faoi fhíricí agus faoi shonraí an phictiúir nó is féidir leo scéal nó dráma beag a chumadh faoi. Toghtar an cailín agus an buachaill is fearr mar bhuaiteoirí na seachtaine agus faigheann siad duais beag. Cuirtear an-bhéim ar iarracht chomh maith le cruinneas teanga ionas nach iad na páistí a bhfuil ardchumas sna teangacha acu a roghnaítear gach seachtain.

Ní bhíonn in aon rud ach seal

Níl ansin ach díreach dhá slí inar thugamar faoin nGaeilge labhartha a chur chun cinn tríd na scoile. An rud is tábhachtaí a thugamar faoi ndeara agus na tionscnaimh á gcur i láthair againn ná go gcaithfidh éagsúlacht a bheith iontu, agus go gcaithfidh gach páiste aireachtáil go dtabharfar aitheantas dá (h)iarrachtaí pearsanta féin.

Is mian leis an CNCM buíochas a ghabháil le Róisín Ní Sheaghdha agus le Scoil Chrónáin, Ráth Cúil, Baile Átha Cliath as a scéal a insint dúinn.